# Glór Cheatharlach

## Ticéid don Chomórtas Amhrán Pan Cheilteach



Pic: Meabh Ní Bheaglaoich a bhuaigh an Comórtas Amhrán Pan Cheilteach anuraidh

Tuairiscítear go bhfuil an-éileamh ar na ticéid do Chomórtas Amhrán Nua-chumtha na Féile Pan Cheilteach. Reachtálfar an ócáid ghalánta seo in Ostán an Seven Oaks ar an Déardaoin, 7 Feabhra. Cuirfidh an pearsa teilifíse Daithí Ó Sé na hamhráin i láthair os comhair triúr moltóirí agus beidh Ollie Hennessy ag cinntiú go rithfidh gach rud ar aghaidh go snasta, ceolmhar ar an oíche.

Fiche amhrán nua-chumtha a bheidh sa chraobh agus cumadóir gach aon cheann daoibh ag súil go roghnófar a amhrán féin le bheith san iomaíocht ar son na hÉireann ag an gcomórtas idirnáisiúnta a bheidh mar chuid den Fhéile Pan Cheilteach i gCeatharlach ó 2ú-7ú Aibreán. Le cumadóirí, amhránaithe agus ceoltóirí ó cheann ceann na tíre san iomaíocht agus a lucht tacaíochta glórmhar á spreagadh gan trácht ar dhuais €1,000 don amhrán buachach is cinnte go mbeidh ard oíche ann. Beidh Meabh Ní Bheaglaoich ó Ghaeltacht Chorca Dhuibhne a bhuaigh an comórtas anuraidh ar ais i mbliana agus amhrán dar teideal "An Cailín Deas" a chum a haintín Eilín Ní Bheaglaoich a chanfaidh sí an uair seo.

Tá na ticéid ar díol tríd Amharclann G.B. Shaw. Is féidir iad a cheannach ar líne ar www.gbshawtheatre.ie nó thar an nguthán ar 059 9172400. Leis na sluaite ag teacht ó chian is ó chóngar moltar ticéid a chur in áirithe gan mhoill. €10 an costas. Gach eolas ó oifig na féile na féile Pan Cheilteach ar 059 9158105, 085 1340047 nó pancelticcarlow@gmail.com

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| tuairiscítear | it is reported |
| éileamh | demand |
| ócáid | occasion |
| pearsa | personality |
| moltóirí | judges |
| cumadóirí | composers |
| in iomaíocht | competing |
| gan mhoill | immediately |

# Gaeilge le Chéile an Earraigh

Iarrtar ar léitheoirí a thabhairt faoi deara go bhfuiltear ag cur Gaeilge Le Chéile na míosa seo siar go ceann seachtaine. 'Séard is cúis leis an athrú seo ná go mbeidh an Comórtas Amhrán Pan Cheilteach ar siúl an Déardaoin beag seo in Ostán an Seven Oaks. Mar sin is ar an 14ú Feabhra, an dara Déardaoin de Mhí Feabhra, a thiocfaidh Gaeilge Le Chéile an Earraigh le chéile i dteach tábhairne Reddys .

Cuirtear fáilte roimh chách ag Gaeilge le Chéile, an oíche shóisialta mhíosúil trí Ghaeilge ó 9.00i.n. Beidh fáilte ach go háirithe rompu siúd atá ag freastal ar Chúrsaí Ghaelchultúir an Earraigh. Is deis iontach í seo chun bualadh le daoine eile a labhraíonn Gaeilge. Cead isteach saor. Caint, comhrá agus comhluadar trí Ghaeilge. Bí ann agus fáilte.

**Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:**
**Glór Cheatharlach**
**Sráid an Choláiste, Ceatharlach**
**(059) 9158105 / (085) 1340047**
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

# Comórtas G do Scoileanna

2013 Bliain na Gaeilge
Bígí Linn - Let's Celebrate our language www.gaeilge2013.ie

Tá Comórtas G fógartha ag Glór na nGael ag lorg an Club Gaeilge is fearr in iar-bhunscoileanna timpeall na tíre. Seo an tríú bliain den chomórtas Gaeilge seo agus thar na tréimhse sin tá na céadta club Gaeilge tosaithe i scoileanna fud fad na tíre. Creidtear go bhfuil an fás seo mar thoradh ar an ardú marcanna atá ag dul don scrúdú béil Ardteiste le cúpla bliain anuas. Beifear ag súil le níos mó clubanna fós i mbliana mar chuid de Bhliain na Gaeilge 2013.

Tá €2,000 le buachan mar phríomhdhuais i gComórtas G na bliana seo, chomh maith le dearbhán do 30 geansaí cochaill ó gcomhlacht Spailpín Fánach, Conamara. Tá ceithre dhuais réigiúnacha de 30 geansaí don chlub is fearr i ngach cúige chomh maith.

Gheobhaidh gach Club Gaeilge a chuireann isteach ar an gComórtas G pacáiste speisialta le cabhrú leo an Ghaeilge a spreagadh ina scoil féin. Chun a bheith páirteach ní foláir foirm iontrála a líonadh isteach agus is é 4ú Márta an spriocdháta d'iarratais. 'Sé Aodhán Ó Deá atá i bhfeighil an Chomórtais. Gach eolas agus foirmeacha iontrala ar www.glornangael.ie nó scríobh chuig aodhan@glornangael.ie

| Gluais: | Glossary: |
|---|---|
| fógartha | announced |
| céadta | hundreds |
| ardú | raised |
| scrúdú béil | oral exam |
| dearbhán | voucher |
| geansaí cochaill | hoodies |
| réigiúnach | regional |
| spriocdháta | deadline |




An stáitse réidh do Chomórtas Amhrán Pan Cheilteach

